Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**8172/1/23**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0102(NLE)**

**FRONT 114**
**COWEB 40**
**MIGR 121**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 261 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Cósta agus Teorann i Montainéagró a thabhairt i gcrích |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 261 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2023) 261 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2023
COM(2023) 261 final/2

2023/0102 (NLE)

CORRIGENDUM
This document corrects document COM(2023)261 final of 05.04.2023
Concerns all language versions
Addition of the reference to the Commission Staff Working Document SWD(2023) 755 linked to the Proposal
The text shall read as follows

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Cósta agus Teorann i Montainéagró a thabhairt i gcrích

{SWD(2023) 755 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ar cheann de chúraimí na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta ('an Ghníomhaireacht') tá oibriú i gcomhar le tríú tíortha i ndáil leis na réimsí a chumhdaítear sa Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach (Rialachán (AE) 2019/1896) ('an Rialachán') 'lena n-áirítear imscaradh oibríochtúil féideartha foirne bainistithe teorainneacha i dtríú tíortha.'[1] Go sonrach, ní mór don Ghníomhaireacht, mar chuid den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a áirithiú[2]. Comhchuid amháin den bhainistiú sin is ea an comhar le tríú tíortha sna réimsí a chumhdaítear sa Rialachán, lena ndírítear go háirithe ar thríú tíortha comharsanachta agus ar thíortha tionscnaimh nó idirthurais i dtaca leis an imirce neamhrialta[3]. Féadfaidh an Ghníomhaireacht oibriú i gcomhar le húdaráis tríú tíortha atá inniúil maidir le hábhair a chumhdaítear sa Rialachán a mhéid is gá chun a cúraimí a chomhlíonadh[4] agus féadfaidh sí gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a dhéanamh ar chríoch tríú tír faoi réir comhaontú ón tríú tír sin.

De bhun Airteagal 73(3) den Rialachán, in imthosca ina bhfuil gá le foirne bainistithe teorainneacha ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh na baill de na foirne cumhachtaí feidhmiúcháin, tabharfaidh an tAontas comhaontú stádais i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann. Ba cheart an comhaontú stádais sin a bheith bunaithe ar an tsamhail arna tarraingt suas ag an gCoimisiún dá bhforáiltear in Airteagal 76(1) den rialachán céanna. Ghlac an Coimisiún an tsamhail sin an 21 Nollaig 2021[5].

Tá Montainéagró suite ar bhealach imirce na mBalcán Thiar a mbíonn imirce neamhrialta shuntasach ann i dtreo an Aontais Eorpaigh, thar tír agus thar Mhuir Aidriad freisin. In 2022, chláraigh an Ghníomhaireacht 144 118 dtrasnú teorann neamhrialta ag teorainneacha seachtracha an Aontais ar bhealach na mBalcán Thiar. Grúpaí coiriúla eagraithe a bhíonn ag gabháil do smuigleáil daoine, bíonn siad ag díriú ar imircigh neamhrialta agus tá na himircigh sin go mór i mbaol sáruithe ar chearta an duine. Tá brú nach beag ar roinnt Ballstát den Aontas mar gheall ar an líon mór daoine atá ag teacht go neamhrialta agus an líon mór iarratais ar thearmann, rud a fhágann go bhfuil gá le gníomhaíocht choiteann chomhordaithe ar leibhéal an Aontais bunaithe ar an bprionsabal go gcomhroinntear an fhreagracht go cothrom agus ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta, mar atá cumhdaithe sa Chomhaontú um Imirce agus Tearmann[6].

In 2017, chuir an Coimisiún Eorpach tús le caibidlíocht le Montainéagró i ndáil le comhaontú stádais ar bhonn an Rialacháin a bhí ann roimhe seo maidir leis an nGarda Teorann agus

---

1 Airteagal 10(1)(u) de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.

2 Airteagal 71(1) de Rialachán (AE) 2019/1896.

3 Airteagal 3(g) de Rialachán (AE) 2019/1896.

4 Airteagal 73(1) de Rialachán (AE) 2019/1896.

5 Teachtaireacht COM(2021) 829 - Samhail-chomhaontú stádais dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624.

6 An Pacáiste um Imirce agus Tearmann:Doiciméid a bhaineann leis an gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann arna ghlacadh an 23 Meán Fómhair 2020, |an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

Cósta Eorpach (Rialachán (AE) 2016/1624[7]). Síníodh an comhaontú sin i mí Dheireadh Fómhair 2019; ghlac an Comhairle an cinneadh ábhartha maidir lena thabhairt i gcrích i mí na Bealtaine 2020, agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2020[8].

Tá oibríochtaí comhpháirteacha a dhéantar ar bhonn an chomhaontaithe stádais sin teoranta do theorainneacha Mhontainéagró leis an Aontas Eorpach, arb é atá ansin faoi láthair 14 km de theorainn talún le Poblacht na Cróite agus teorainn le codanna de Mhuir Aidriad. Tá dhá oibríocht chomhpháirteacha seolta ag an nGníomhaireacht i Montainéagró: *Oibríocht Mhontainéagró – Talamh* ag teorainn talún Mhontainéagró leis an gCróit (arna seoladh an 15 Iúil 2020) agus *Oibríocht Mhontainéagró – Muir* feadh a theorann muirí leis an Iodáil (arna seoladh an 14 Deireadh Fómhair 2020).

Chomh luath agus mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir Aireacht Gnóthaí Baile Mhontainéagró in iúl don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí gur mian léi tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú stádais ar bhonn an Rialacháin nua maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, Rialachán (AE) 2019/1896, faoina gceadaítear oibríochtaí comhpháirteacha a dhéanamh ag teorainneacha nach teorainneacha an Aontais iad freisin, chun gur féidir leis an nGníomhaireacht foirne a imscaradh feadh theorainneacha na tíre ar fad. Dá bhrí sin, an 20 Bealtaine 2022, chuir seirbhísí an Choimisiúin an tsamhail-chomhaontaithe stádais faoi Rialachán 2019 faoi bhráid údaráis Mhontainéagró, inar cuireadh i dtábhacht na difríochtaí i ndáil leis an gcomhaontú stádais a bhí i bhfeidhm cheana féin.

An 18 Samhain 2022, fuair an Coimisiún údarás ón gComhairle chun tús a chur le caibidlíocht le Montainéagró mar aon leis an Albáin, an tSeirbia, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, le haghaidh comhaontú maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a bheidh le déanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sna tíortha sin (i.e. comhaontú stádais ar bhonn Rialachán (AE) 2019/1896). An 30 Samhain 2022, d'eagraigh an Coimisiún cruinniú tionscnaimh leis na ceithre thír thuasluaite inar cuireadh i láthair nua-ghnéithe príomha an tsamhail-chomhaontaithe stádais. An 23 agus an 24 Feabhra 2023, rinneadh caibidlíocht idir an Coimisiún Eorpach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus Montainéagró in Podgorica maidir leis an gcomhaontú. Measann an Coimisiún gur gnóthaíodh na cuspóirí a shocraigh an Chomhairle ina treoracha caibidlíochta, agus measann sé go bhfuil an comhaontú inghlactha don Aontas.

Is é atá sa togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo an bunús dlí le haghaidh thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró.

*Staid na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen*

Cuireann an togra seo le *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha. Mar sin féin, níl aon chumhacht ag an Aontas comhaontú stádais a thabhairt i gcrích le Montainéagró ar bhealach a chuireann ceangal ar an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis ná

7 Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle, (IO L 251, 16.9.2016, lgh. 1-76).

8 Cinneadh (AE) 2020/729 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Stádais idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró.

Lichtinstéin. Maidir leis na gardaí teorann agus baill foirne ábhartha eile a sheolfaidh na tíortha sin chuig Montainéagró, chun a áirithiú go mbainfidh siad leas as an stádas céanna dá bhforáiltear sa chomhaontú stádais a bheidh ann amach anseo, ba cheart a shonrú sna dearbhuithe comhpháirteacha a ghabhann leis an gcomhaontú stádais a inmhianaithe atá sé comhaontuithe comhchosúla a thabhairt i gcrích idir Montainéagró agus gach ceann de na tíortha comhlachaithe sin.

Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[9]; Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo, agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Le rialuithe a neartú ar chríoch Mhontainéagró, beidh tionchar dearfach aige sin ar bhainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais agus ar bhainistiú theorainneacha Mhontainéagró féin. Bheadh tabhairt i gcrích comhaontaithe stádais ag teacht leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí níos leithne maidir le comhar mar a leagtar amach i gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh le Montainéagró.[10]

D'fhéadfadh tabhairt i gcrích comhaontaithe stádais tacú le hiarrachtaí agus gealltanais níos leithne an Aontais Eorpaigh freisin chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumais ar mhaithe le rannchuidiú le bainistiú na freagartha ar ghéarchéimeanna agus ar mhaithe leis an gcóineasú a chur chun cinn maidir le hábhair eachtracha agus ábhair shlándála idir an tAontas agus Montainéagró.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagal 77(2)(b) agus (d) agus Airteagal 79(2)(c) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) CFAE bunús dlí an togra seo.

Déantar foráil shainráite maidir le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh comhaontú stádais a thabhairt i gcrích in Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896, ina luaitear '[i]n imthosca ina bhfuil gá le foirne bainistithe teorainneacha ón mbuanchór a imscaradh i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh na baill de na foirne cumhachtaí feidhmiúcháin, tabharfaidh an tAontas comhaontú stádais [...] i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann'.

De bhun Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, beidh inniúlacht eisiach ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích nuair a fhorálfar dá thabhairt i gcrích i ngníomh reachtach de chuid an Aontais. Déantar foráil in Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir le comhaontú stádais 'a thabharfaidh an tAontas i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann'. Dá bhrí sin, tagann an comhaontú atá le síniú agus le tabhairt i gcrích le Montainéagró faoi chumhacht eisiach an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le hAirteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896, an comhaontú stádais atá beartaithe, tá sé

[9] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen, IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.

[10] IO L 108, 29.4.2010, lch. 3

bunaithe ar an samhail-chomhaontú stádais arna ghlacadh ag an gCoimisiún i mí na Nollag 2021[11], agus an comhaontú stádais atá ann cheana le Montainéagró á chur san áireamh[12].

- **Coimhdeacht agus comhréireacht**

*An gá atá le cur chuige coiteann*

Le comhaontú stádais, féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta foirne den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach a imscaradh chuig Montainéagró, agus leas á bhaint as na féidearthachtaí uile a chuirtear ar fáil le Rialachán (AE) 2019/1896. D'uireasa uirlise den sórt sin, ní féidir ach imscaradh déthaobhach ó na Ballstáit a úsáid chun bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus chun tacú le Montainéagró bainistiú a dhéanamh ar an líon suntasach imirceach atá ag iarraidh idirthuras a dhéanamh trína críoch taobh amuigh den raon feidhme geografach an-teoranta a bhaineann leis an gcomhaontú stádais reatha le Montainéagró. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige coiteann chun teorainneacha Mhontainéagró a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ós rud é gur comhaontú nua a bheidh ann, ní fhéadfaí aon mheastóireacht ná seiceálacha oiriúnachta a dhéanamh ar na hionstraimí atá ann cheana. Níl aon ghá le measúnú tionchair chun comhaontú stádais a chaibidliú.

- **Cearta bunúsacha**

I gcomhréir le haithris 88 de Rialachán (AE) 2019/1896, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar staid na gceart bunúsach is ábhartha do na réimsí a chumhdaítear sa chomhaontú stádais i Montainéagró agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi sin.

Sa chomhaontú atá beartaithe beidh bearta praiticiúla a bhaineann le hurramú na gceart bunúsach, agus áiritheofar leis go ndéanfar cearta bunúsacha a urramú go hiomlán le linn gníomhaíochtaí a eagraítear ar bhonn an chomhaontaithe. Leis an gcomhaontú déanfar foráil maidir le sásra gearán atá neamhspleách agus éifeachtach i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2019/1896 chun faireachán a dhéanamh ar urraim do chearta bunúsacha sna gníomhaíochtaí uile a eagraítear ar bhonn an chomhaontaithe agus chun an urraim sin a áirithiú.

- **Cosaint sonraí**

Rachfar i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir le forálacha an chomhaontaithe stádais a bhaineann le tarchur sonraí má tá difear nach beag idir na forálacha sin agus forálacha an tsamhail-chomhaontaithe stádais.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht airgeadais ag baint leis an gcomhaontú stádais ann féin. Beidh costais ar bhuiséad na Gníomhaireachta i gceist le himscaradh foirne gardaí teorann ar bhonn plean oibríochtúil. Oibríochtaí a dhéanfar amach anseo faoi chomhaontú stádais, déanfar iad a

[11] Teachtaireacht COM(2021) 829.
[12] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:22020A0603(01)&rid=2

mhaoiniú trí acmhainní dílse na Gníomhaireachta dá bhforáiltear i dtimthriall buiséadach bliantúil an Aontais.

Is cuid de bhuiséad an Aontais cheana féin é ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh le haghaidh na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta faoi mar a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar faireachán cuí ar chur chun feidhme an chomhaontaithe stádais.

2023/0102 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Cósta agus Teorann i Montainéagró a thabhairt i gcrích

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) agus (d) agus Airteagal 79(2)(c) i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh 2023/XXX ón gComhairle an […], an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró (‘an Comhaontú’), shínigh […] an Comhaontú sin an [...], faoi réir a thabhairt i gcrích tráth is faide anonn.

(2) De bhun Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], in imthosca ina bhfuil gá le foirne bainistithe teorainneacha ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh na baill de na foirne cumhachtaí feidhmiúcháin, tabharfaidh an tAontas comhaontú stádais i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann ar bhonn Airteagal 218 den Chonradh.

(3) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[14]; Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(4) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge[15], Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le acquis Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

---

13 Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.

14 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

15 Prótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge, IO C 326, 26.10.2012, lgh. 299-303.

(5) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, formheastar, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Montainéagró maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i Montainéagró (an 'Comhaontú')[16].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais Eorpaigh, fógra do Mhontainéagró de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 22(1) den Chomhaontú, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha[17].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

16 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L ,, lch. .

17 Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.